



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2014

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Tíreolaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéisí foilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substantiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'eolas fíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Freagair DEICH gceist.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH

10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann

Gach ceist:

Ceithre chuid @ 2 mharc an ceann nó ocht gcuid @ 1 mharc an ceann

C.4 (iv), C.9 (iv), C.11 (iv) agus C.12 (iv) @ 1 + 1 mharc

Gan grádú ar bith

- | | | | | | |
|-----|-------|--|------|---|-----------------------|
| C.1 | B | Daonna | C.6 | Beirlín | An Ghearmáin |
| | A | Nádúrtha | | An Mheánmhuir | Deisceart na hEorpa |
| | D | Daonna | | Contae na Mí | Éire |
| | C | Nádúrtha | | Tír na mBascach | Tuaisceart na Spáinne |
| C.2 | D | Próisis oighreacha | C.7 | (i) S 273 009 | |
| | A | Próisis abhann | | (ii) 90 km ² | |
| | B | Próisis oighreacha | | (iii) Ó thuaidh, soir ó thuaidh, ó thuaidh soir | |
| | C | Próisis abhann | | (iv) 6.8 (km) | |
| C.3 | D | Siúnta | C.8 | (i) X 255 930 | |
| | G | Cuaschlaonas | | (ii) N25 | |
| | A | Bolcán | | (iii) Aon ráiteas bailí | |
| | C | Sil-leagan cósta | | (iv) Prióireacht / Séipéal | |
| | E | Plána cisealúcháin | | | |
| | H | Seomra magma | C.9 | (i) Gran Canaria | |
| | B | Síonchaitheamh | | (ii) 2,000 m | |
| | F | Dronnchlaonas | | (iii) 6,000 m | |
| | | | | (iv) Aon mhíniúchán bailí | |
| C.4 | (i) | 6°C | C.10 | C | Draenáil chraobhach |
| | (ii) | Bronn 2m (foclaíocht éiginnte) | | D | Draenáil neamhordúil |
| | (iii) | Isiteirmeacha | | B | Draenáil treilíse |
| | (iv) | Aon mhíniúchán bailí | | A | Draenáil ghathach |
| C.5 | (i) | A Pláta Mheiriceá Thuaidh | C.11 | (i) | 7,700 |
| | B | Pláta na hEoráise | | (ii) | 10,500 |
| | C | Pláta na hAfraice | | (iii) | 40,800 |
| | D | Pláta Mheiriceá Theas | | (iv) | Aon mhíniúchán bailí |
| | (ii) | E Teorainn Dhéanamhasach / Dhibhéirseach | | | |
| | F | Teorainn imchoimeádach / Neodrach / Éighníomhach / Chlaochlúchláin, etc. | C.12 | (i) | 15.8 (%) |
| | (iii) | Fíor | | (ii) | 3.5 (%) |
| | Fíor | | | (iii) | 47.8 (%) |
| | | | | (iv) | Aon mhíniúchán bailí |

CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
 - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3
AGUS
 - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid**

FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR

ROINN 1 – CROÍ-AONOID

Ceist 1 go 6

NÍ MÓR duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**
AGUS
- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

Ceist 1 go 3

Freagair ceist AMHÁIN

Ceist 1

A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn Choilligeáin (*Colligan River*)
- Aimsigh craosán ar Abhainn Choilleagáin agus marcáil le X ar an tsracléarscáil é
- Gob gainimh an Choinigéir (*Cunnigar*)
- Limistéar talún os cionn 300 méadar.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile: 4 mharc

4 ghné @ 4 mharc an ceann: Léirithe 3 mharc (grádaithe 3/1/0)

Ainmnithe 1 mharc

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailtear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ná bronntar marcanna ach as ainmniú.
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.

B. Carraigeacha

Mínigh foirmiú bruthcharraigeacha agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

[30m]

Dhá bhruthcharraig in Éirinn ainmnithe 2 + 2 mharc

Míniúchán ar an bhfoirmiú 13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráid le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as an 3ú bruthcharraig ainmnithe do 1 x PSÁ.
- Mura ndéantar ach cur síos ar bhruthcharraigeacha gan aon tagairt don fhoirmiú: 2 x PSÁ ar a mhéad.

C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.

Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Tionchar dambaí ar phróisis abhann
- Tionchar oibreacha cosanta cósta ar phróisis chósta
- Tionchar gníomhaíocht an duine ar ollghluaiseacht.

[30m]


Tionchar ar phróisis aitheanta 2 mharc

Scrúdú ar an tionchar ar phróisis 14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar ar phróisis aitheanta do 1 x PSÁ.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- Tugtar creidiúint as dhá shampla a ainmnítear do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráid le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht an duine gan aon tagairt don tionchar ar phróisis dromchla: 2 x PSÁ ar a mhéad.

Ceist 2

A. Struchtúr Innheánach an Domhain



Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann struchtúr innheánach an domhain agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- (i) Ainmnigh gach ceann de shraitheanna an domhain **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F**.
- (ii) Déan cur síos achomair ar an bpríomhdhifríocht idir chomhdhéanamh na sraitheanna **C** agus **D**.
- (iii) Mínigh go hachomair cén fáth a ngluaiseann plátaí.

[20m]

- | | | | |
|-------|----------------------|------------------|-------------|
| (i) | A | An Screamh | 2 mharc |
| | B | An Maintlín | 2 mharc |
| | C | An tAstanaísféar | 2 mharc |
| | D | An Litisféar | 2 mharc |
| | E | An Croí Amuigh | 2 mharc |
| | F | An Croí Istigh | 2 mharc |
| (ii) | Aon chur síos bailí | | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Aon mhíniúchán bailí | | 2 + 2 mharc |

B. Forbairt Tírghné

Freagair (i) nó (ii).

[30m]

- (i) Mínigh foirmiú tírghné chreimthe **amháin agus** tírghné shil-leagain **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

Tírghné chreimthe ainmnithe	2 mharc
Tírghné shil-leagain ainmnithe	2 mharc
Foirmiú tírghné chreimthe	6/7 x PSÁ
Foirmiú tírghné shil-leagain	6/7 x PSÁ

- Maidir le gach tírghné, tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Maidir le gach tírghné, tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráid le lipéid do 1 x PSÁ.
- Mura ndéantar ach cur síos ar gach tírghné gan aon tagairt don fhoirmiú: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na tírghné.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí, sampla amháin de gach tírghné.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh na tírghné as míniú ar phróiseas ainmnithe. Níor mhór go mbeadh baint ag an gcuid eile den phlé ar phróisis le foirmiú na tírghné.

Nó

- (ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

Dhá phróiseas ainmnithe	2 + 2 mharc
Scrúdú ar phróiseas 1	6/7 x PSÁ
Scrúdú ar phróiseas 2	6/7 x PSÁ

- Maidir le gach próiseas, tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Maidir le gach próiseas, tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráid le lipéid do 1 x PSÁ.
- Mura ndéantar ach cur síos ar phróisis ollghluaiseachta gan aon tagairt do mhíniú: 3/4 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí, sampla amháin de gach próiseas.

C. Carraigeacha agus Tírdhreacha

Scrúdaigh conas a chruthaítear tírdhreacha éagsúla mar thoradh ar chineálacha éagsúla carraigeacha agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.


[30m]

Carraig 1 agus tírdhreach a bhaineann léi ainmnithe	2 + 2 mharc
Carraig 2 agus tírdhreach a bhaineann léi ainmnithe	2 + 2 mharc
Scrúdú	11 x PSÁ

- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráid le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Má dhéantar cur síos ar an gcarraig nó ar an tírdhreach gan aon tagairt don bhaint idir an charraig agus an tírdhreach: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar charraig agus tírdhreach amháin: 6 x PSÁ ar a mhéad.

Ceist 3

A. Forbairt Tírdhreacha



Curtha in oiriúint ó www.clasfaculty.ucdenver.edu

Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann na céimeanna i bhforbairt thimthriallach tírdhreach abhann agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- Ainmnigh gach ceann de na céimeanna **A**, **B** agus **C**.
- Ainmnigh tírghné abhann **amháin** as gach ceann de na céimeanna **A**, **B** agus **C**.
- Mínigh go hachomair cad is brí le leathmhá.
- Mínigh go hachomair cad is brí le bonnleibhéal.

[20m]

- | | | | |
|-------|----------|--------------------------------|-------------|
| (i) | A | Óigeanta / Óg / Uachtarach | 2 mharc |
| | B | Scothaosta / Lár | 2 mharc |
| | C | Críon / Seanaoise / Íochtarach | 2 mharc |
| (ii) | A | Tírghné abhann bhailí | 2 mharc |
| | B | Tírghné abhann bhailí | 2 mharc |
| | C | Tírghné abhann bhailí | 2 mharc |
| (iii) | | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

B. Teicteonaic Phlátaí

Déan cur síos agus tabhair míniú ar theorainneacha scriosacha plátaí.

[30m]

Scrúdú

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráid le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint 3 x PSÁ as samplaí.
- Mura ndéantar ach cur síos ar theorainneacha plátaí gan aon tagairt do mhíniú: 8 x PSÁ ar a mhéad.

C. Struchtúir Dhríodair

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag struchtúir dhríodair, mar phlánaí cisealúcháin agus shiúntaí, ar fhorbairt tírghnéithe.

[30m]

Scrúdú

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráid le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint 3 x PSÁ as samplaí ón scrúdú.
- Mura léirítear nasc idir an tionchar a bhíonn ag struchtúir dhríodair ar fhorbairt tírghnéithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.

TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

Ceist 4 go 6

Freagair ceist AMHÁIN

Ceist 4

A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha d'Éirinn.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh samplaí difriúla de gach ceann acu seo a leanas:

- Imchruth réigiúin gheomoirfeolaíoch ainmnithe
- Lárionad uirbeach ainmnithe i réigiún forimeallach
- Imchruth réigiúin chultúrtha ainmnithe
- Imchruth croí-réigiúin ainmnithe.

[20m]

Léarscáil imchrutha

4 mharc grádaithe (4/2/0)

4 ghné @ 4 mharc an ceann:

Léirithe 2 mharc grádaithe (2/1/0)

Ainmnithe 2 mharc

- Ná glactar le réigiún de chuid na hEorpa ná le réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith is cuma faoin méid.

B. An tAontas Eorpach

Scrúdaigh conas a théann méadú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar na ballstáit reatha.

[30m]

Tionchar aitheanta

2 mharc

Scrúdú

14 x PSÁ

- Mura ndéantar ach cur síos ar mhéadú an Aontais Eorpaigh gan aon scrúdú ar conas a théann sé i bhfeidhm ar na ballstáit reatha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ceadaítear an dara tionchar aitheanta do 1 x PSÁ.
- Féadfaidh na cineálacha tionchair a bheith dearfach nó diúltach, sóisialta nó eacnamaíoch.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

C. Dinimic Dhaonra

Tabhair cúiseanna le fás **agus** le dáileadh an daonra i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Scrúdú

15 x PSÁ

- Ná glactar le réigiún de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an daonra, ar fhás an daonra agus ar dháileadh an daonra gan aon mhíniú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Caithfidh tagairt a bheith ann d'fhás an daonra agus do dháileadh an daonra araon. Mura ndéantar scrúdú ach ar fhás an daonra nó ar dháileadh an daonra: 8 x PSÁ ar a mhéad.

Ceist 5

A. Trádáil na hÉireann

Trádáil Eachtrach na hÉireann, 1996 go 2012

Bliain	Easpórtálacha €milliún	Iompórtálacha €milliún	Barrachas Trádála €milliún
1996	38,609	28,480	10,129
2000	83,889	55,909	27,980
2004	84,410	51,105	33,305
2008	86,394	57,585	28,809
2012	91,688	49,151	X

Curtha in oiriúint ó CSO

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- (i) Cé na blianta a raibh iompórtálacha na hÉireann os cionn €55 billiún?
- (ii) Ríomh **X**, luach bharrachas trádála na hÉireann in 2012.
- (iii) Cén céatadán d'ardú a tháinig ar bharrachas trádála na hÉireann idir 2000 agus 2004?
- (iv) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le barrachas trádála.
- (v) Ainmnigh **dhá** earra talmhaíochta a easpórtáiltear as Éirinn.

[20m]

5 chuid @ 4 mharc an ceann

- | | | |
|-------|------------------------------------|-------------|
| (i) | 2000 agus 2008 | 2 + 2 mharc |
| (ii) | €42,537 milliún | 4 mharc |
| (iii) | 19 nó 19.03 | 4 mharc |
| (iv) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Dhá earra ar bith a easpórtáiltear | 2 + 2 mharc |

B. Réigiúin san Eoraip

Scrúdaigh tábhacht na rilífe d'fhorbairt an gheilleagair in aon **dá** réigiún chontrártha **Eorpacha** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

[30m]

Scrúdú ar Réigiún 1 $7/8 \times \text{PSÁ}$

Scrúdú ar Réigiún 2 $7/8 \times \text{PSÁ}$

- Ná glactar le réigiún de chuid na hÉireann ná le réigiún Ilchríochacha / Fho-Ilchríochacha.
- Gan aon tagairt do rilíf: $2 \times \text{PSÁ}$ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin.
- Gan aon tagairt d'fhorbairt an gheilleagair: $2 \times \text{PSÁ}$ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin.
- Mura ndéantar plé ach ar réigiún amháin: $8 \times \text{PSÁ}$ ar a mhéad.
- Ceadaítear $1 \times \text{SRP}$ as sampla i ngach réigiún. Glac le samplaí den rilíf.

C. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Pléigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]


Tosca aitheanta $2 + 2$ mharc

Plé $13 \times \text{PSÁ}$

- Ná glactar le réigiún de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Ceadaítear $2 \times \text{PSÁ}$ as samplaí difriúla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Ceadaítear an 3ú toisc a aithnítear do $1 \times \text{PSÁ}$.
- Mura ndéantar plé ach ar thoisc amháin: $7 \times \text{PSÁ}$ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach gan aon tagairt do thosca a bhfuil tionchar acu ar a forbairt: $2 \times \text{PSÁ}$ ar a mhéad.

Ceist 6

A. Dífhostaíocht san Aontas Eorpach



Scrúdaigh an graf thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- Cén tír ina raibh an céatadán ab airde dífhostaíocht idir 2008 agus 2012 **agus** cén tír ina raibh an céatadán ab ísle dífhostaíocht idir 2008 agus 2012?
- Cén tír inar tharla an t-ardú ba shuntasáí ar an gcéatadán dífhostaíochta idir 2010 agus 2012?
- Ainmnigh **dhá** tír inar tháinig laghdú ar an gcéatadán dífhostaíochta idir 2006 agus 2007.
- Ríomh an t-ardú ar an gcéatadán dífhostaíochta san AE (27) idir 2009 agus 2012 **agus** luaigh cúis **amháin** a bhí leis an ardú sin.
- Mínigh go hachomair iarmhairt gheilleagrach **amháin** ar ardú sa dífhostaíocht.

[20m]

5 chuid @ 4 mharc an ceann

- | | | |
|-------|--|-------------|
| (i) | An Spáinn agus an Ísiltír | 2 + 2 mharc |
| (ii) | An Ghréig | 4 mharc |
| (iii) | Dhá cheann ar bith díobh seo: an Ghréig / An Ísiltír / an Spáinn | 2 + 2 mharc |
| (iv) | 1.5 (%) | 2 mharc |
| | Cúis bhailí ar bith a luaitear | 2 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

B. Réigiúin Shocheacnamaíocha

Bíonn an ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroí-réigiún difriúil leis an ngníomhaíocht gheilleagrach i réigiúin fhorimeallacha. Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

[30m]

Croí-réigiúin agus réigiúin fhorimeallacha ainmnithe	2 + 2 mharc
Scrúdú	13 x PSÁ

- Glactar le plé ar ghníomhaíocht gheilleagrach amháin nó níos mó.
- Glactar le gach cineál gníomhaíochta geilleagraí, i.e. Príomhúil, Tánaisteach agus Treasach.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroí-réigiún nó i réigiúin fhorimeallacha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ceadaítear 2 x PSÁ do shamplaí de ghníomhaíocht gheilleagrach.

C. Talmhaíocht in Éirinn

Tabhair cúiseanna le forbairt na talmhaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Rilíf
- Aeráid
- Margáí.

[30m]

Cúiseanna le Toisc 1	7/8 x PSÁ
Cúiseanna le Toisc 2	7/8 x PSÁ

- Ná glactar le réigiún de chuid na hEorpa ná le réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe in Éirinn ná do réigiún in Éirinn a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar gach toisc gan aon tagairt d'fhorbairt na talmhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Ceadaítear 2 x PSÁ do shamplaí de chineálacha talmhaíochta.

ROINN 2 – TOGHAONAD

Ceist 7 go 12

NÍ MÓR duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha

NÓ

Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine

PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

Ceist 7 go 9

Ceist 7

A. Forbairt Gheilleagrach

Sonraí an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Thíortha Roghnaithe, 2012

Rang IFD	Tír	IFD 2012	Ionchas saoil ag breith (blianta)	Ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine (\$)
1	An Iorua	0.955	81.3	\$48,688
3	SAM	0.937	78.7	\$43,480
26	An Ríocht Aontaithe	0.875	80.3	\$32,538
85	An Bhrasaíl	0.730	73.8	\$10,152
101	An tSín	0.699	73.7	\$7,945
136	An India	0.554	65.8	\$3,285
146	An Phacastáin	0.515	65.7	\$2,566
175	An Afganastáin	0.374	49.1	\$1,000

www.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceistanna a leanas.

- (i) Ríomh an difríocht san Ollioncam Náisiúnta idir SAM agus an tSín.
- (ii) Ainmnigh an tír ina bhfuil an t-ionchas saoil is ísle ag breith **agus** ainmnigh an tír ina bhfuil an t-ionchas saoil is airde ag breith.
- (iii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil an t-ionchas saoil ag breith níos airde i dtíortha áirithe.
- (iv) Tá an t-ionchas saoil agus an leibhéal ioncaim ar dhá cheann de na tosca a úsáidtear chun an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna a ríomh. Ainmnigh toisc eile.
- (v) Mínigh go hachomair úsáid **amháin** a bhaintear as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna.

[20m]

5 chuid @ 4 mharc an ceann

- | | | |
|-------|------------------------------|-------------|
| (i) | \$35,535 | 4 mharc |
| (ii) | An Afganastáin agus an Iorua | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Oideachas, etc. | 4 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

B. Fuinneamh In-athnuaite

Scrúdaigh na buntáistí geilleagracha agus na buntáistí don timpeallacht a bhaineann le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite.

[30m]

Buntáiste geilleagrach aitheanta	2 mharc
Buntáiste don timpeallacht aitheanta	2 mharc
Scrúdú	13 x PSÁ

- Mura ndéantar scrúdú ach ar bhuntáistí geilleagracha nó ar bhuntáistí don timpeallacht: 7 x PSÁ ar a mhéad.

C. Geilleagar Forbartha

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** acu seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

[30m]

Geilleagar forbartha ainmnithe	2 mharc
Scrúdú	14 x PSÁ

- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an ngníomhaíocht gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla de ghníomhaíocht.

Ceist 8

A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- Limistéar caitheamh aimsire
- Foirgneamh mór tráchtála/ tionsclaíochta
- Droichead
- Limistéar gharbhloch a bheadh oiriúnach lena fhorbairt.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile: 4 mharc

4 ghné @ 4 mharc an ceann: Léirithe 3 mharc (grádaithe 3/1/0)

Ainmnithe 1 mharc

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó go ndéantar cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ná brontar marcanna ach as ainmniú.
- Caithear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.

B. Cuideachta Ilnáisiúnta

Agus tagairt agat do cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** ceann ar bith díobh seo a leanas:

- Foinsiú amhábhbar agus comhpháirteanna
- Suíomh na mbunaonad próiseála
- Suíomh na margáí.

[30m]

Cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe 2 mharc

Scrúdú 1 7 x PSÁ

Scrúdú 2 7 x PSÁ

- Plé nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt do mhíniú: 4 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.

C. An tAontas Eorpach agus Éirinn

Scrúdaigh tionchar pholasaithe an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

[30m]

Tionchar aitheanta	2 mharc
Polasaí aitheanta	2 mharc
Scrúdú	13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as an dara polasaí aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar agus pholasáí sa bhreis orthu sin.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar na hÉireann: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do pholasaithe an Aontais Eorpaigh: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le tuairimí dearfacha agus diúltacha araon sa phlé.

Ceist 9

A. Boilsciú san Eoraip

Meánrátaí Bliantúla Boilscithe san Eoraip, 2002 agus 2012

Tír	2002	2012
An Ghearmáin	1.4%	2.1%
Éire	4.7%	1.9%
An Iodáil	2.6%	3.3%

Curtha in oiriúint ó CSO

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a thaispeánann na meánrátaí bliantúla boilscithe i roinnt tíortha san Eoraip in 2002 agus 2012.

[20m]

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

Teideal	Barrachairt 2 mharc	Píchairt 2 mharc
Ais cheartingearach ainmnithe	1 mharc	1 + 1 mharc (Ciorcal & lárphointe)
Ais chothrománach ainmnithe	1 mharc	
6 mhír léirithe	2 mharc an ceann grádaithe	2 mharc an ceann grádaithe

